PÁIPÉAR POLASAÍ 19 (Leagan deiridh)

AN FÓRAM COMHAIRLEACH OIDEACHAIS A BHUNÚ

Aidhm

1. Leagann an páipéar seo amach moltaí do ról, sainchúram agus struchtúr an Fhóraim Comhairligh Oideachais.

Cúlra

2. Dúirt fógra RPA i Samhain na bliana 2005:

"Bunófar Fóram Comhairleach Oideachais nua reachtúil chun feidhmiú mar chomhéadan comhairleach comhaontaithe idir an Roinn agus earnáil an oideachais. Cuimseoidh an bhallraíocht ionadaithe ó na hAistritheoirí agus Iontaobhaithe, chomh maith leis na hearnálacha Comhtháite agus Gaelscolaíochta agus na Scoileanna Gramadaí Deonacha. Tabharfaidh baill den Fhóram Comhairleach comhairle don Roinn ar bhonn reatha. Freisin buailfidh an Fóram leis an Aire Oideachais ar bhonn rialta.

Le bunú an Fhóraim Comhairligh Oideachais cuirfear meicníochtaí nua, níos éifeachtaí ar fáil trínar féidir leis an Roinn comhairle a ordú agus a fháil. Déanfar ról comhairleach CCEA agus CCMS a aisghairm agus freisin beidh athruithe bunúsacha sa ghaol idir an Roinn agus eagraíochtaí eile a sholáthraíonn comhairle. Dá bhrí son, déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú ar shocruithe atá ann faoi láthair chun comhordú a leasú agus a fheabhsú. Cuirfidh sé seo feabhas ar chinnteoireacht agus láidreoidh sé an ról áitiúil comhairle, mar a leagtar amach sa tuairisc comhchomhairle. Beidh an t-athbhreithniú mar bhunús le bunreacht, róil agus freagrachtaí an Fhóraim Comhairligh. Tabharfaidh sé aird ar leith ar na bealaí is éifeachtaí chun guth a thabhairt do thuismitheoirí agus daoine óga sa chinnteoireacht ar an oideachas.

Breithneoidh an t-athbhreithniú páirtíocht níos leithne na Roinne ag páirtithe leasmhara laistigh An Roinn Oideachais mhúnla na comhpháirtíochta sóisialta, agus é d'aidhm aige bealaí cumarsáide a láidriú le ceardchumainn na múinteoirí agus leasanna eile. Mar thoradh ar an athbhreithniú beidh páirtíocht níos dírí le Bord na nGobharnóirí, príomhoidí scoile agus múinteoirí lena chinntiú go ndéantar a dtuairimí a chur san áireamh."

Cur Chuige leis an Athbhreithniú

3. Choimisiúnaigh an Roinn Seirbhís Comhairleoireachta Gnó de chuid Rannán Nuálaíochta agus Soláthar DFP chun comhairle a thabhairt ar an sruth seo den chlár RPA.

4. Chuimsigh an cur chuige a ghlac an fhoireann: -

   - Comhchomhairle le hoifigigh shinsearacha sa Roinn Oideachais agus sa Roinn Fostaíochta agus Foghlama (DEL).
   - Comhchomhairle leo siúd ar Ghrúpa Pháirtithe Leasmhara RPA na Roinne Oideachais ar bhunús 1:1 lena riachtanais son Fhóram a fháil amach.
   - Binsemharcáil i gcoinne Fóraim/Coistí eile.
   - Forbairt agus tástáil ar mhúnlaí éagsúla leis an Roinn Oideachais & oifigigh DEL.
   - Múnlaí a thástáil le grúpaí de pháirtithe leasmhara na Roinne Oideachais.
   - An múnla a thugtar sa tuairisc seo a leasú agus a aontú.

5. Ba chóir a mheabhrú nach rabhthas in ann aon Fhóram/Coiste a aimsiú a d'fhéadfadh feidhmiú mar theimpléad idéalach don bhFóram Comhairleach Oideachais. Tá an múnla a dtugtar cur síos air sa pháipéar seo bunaithe ar dheachleachtas trasna na n-eagraíochtaí

binsemharcáilte agus ag cur san áireamh na treorach DFP ar chomhlachtaí poiblí a bhunú.

Ró an Fhóram Comhairligh Oideachais

6. Is é an príomhfhócas a bheidh ag an bhFóram ná comhairle den scoth a chur ar an Roinn Oideachais agus DEL ar nithe straitéiseacha maidir le polasaí, pleanáil agus soláthar an oideachais. Meastar go mbeidh ró lárnach ag an bhFóram i gcinnteoireacht a dhéanfaidh an Roinn Oideachais agus DEL mar chuid den phróiseas leanúnach pleanála straitéise d'earnáil an oideachais. Ní heagras cinnteoireachta a bheidh sa bhFóram ná ní hé an t-aon foinse comhairle don Roinn Oideachais agus DEL. Mar sin féin, foinse uathúil comhairle a bheidh ann toisc gurb é an t-aon mheicníocht ghrúpa a bheidh ann le gaol comhairle speisialta leis an Roinn Oideachais agus DEL, socraithe sa reachtaíocht.

7. D'fhonn a chinntiú nach feithicil a bheidh san Fhóram do "ghrúpaí stocaireachta" lena gcúiseanna féin a bhrú chun cinn, mórghné den Fhóram a bheidh san ionchas, cé go nglacfaidh comhaltaí páirt i ndíospóireacht oscailte agus láidir, go bhféachfaidh siad le comhairle a thairiscint a léiríonn tuairim chomhaontaithe an Fhóraim.

8. Cinnfidh an tAire, i gcomhthéacs na reachtaíochta agus an pholasaí ar shaoráil faisnéise (FOI), cé acu an féidir aon chuid den chomhairle nó an chomhairle uilig a thugann an Fóram ar chúrsaí polasaí a nochtadh d'aon duine a dhéanann iarratas FOI.

9. Ní chuirfidh an Fóram deireadh le cumas na ngrúpaí leasmhara teagmháil a dhéanamh leis na Ranna agus comhairle a chur orthu ina n-aonar ar cheisteanna polasaí ar leith ná ní bhainfidh sé an próiseas comhairliúcháin reachtúil a luaitear faoi Alt 75 de, agus Sceideal 9 le, Acht Thuaisceart Éireann 1998.

Stádas an Fhóraim Comhairligh Oideachais

10. I bpáipéar polasaí 4 "An Gaol idir an Roinn Oideachais agus Páirtithe Leasmhara", leag an Roinn béim ar an tábhacht go mbeadh cultúr rannpháirtíoch ag an bhFóram, murab ionann agus cultúr ionadaíoch - .i. ba chóir go mbeadh comhaltaí ag obair i gcomhair lena chéile chun comhaontú a thógáil ar cheisteanna, murab ionann agus feidhmiú mar ionadaithe chun tuairim bhunaithe a n-eagraíochtaí nó earnálacha féin a léiriú. Ag cuimhneamh air sin, bhí sé molta nach mbunófaí an Fóram mar eagraíocht (nó comhlacht poiblí neamh-ranna) ann féin, ach go mbeadh sé faoi mhaoirsiú na Roinne Oideachais.

11. Agus machnamh breise déanta, áfach, tá an tuairim ag an Roinn Oideachais anois go ndéanfaí neamhspleáchas na comhairle á lagú. Dá bhrí sin, moltar anois go mbunófaí an Fóram go foirmiúil mar chomhlacht poiblí neamh-ranna, le socruithe rialaithe cuí.

12. Tá sé beartaithe go mbeidh foráil sa 2^{ú} Bille RPA chun an FCO a bhunú. Freisin beidh forálacha cumasúcháin don Roinn Oideachais le rialacháin a dhéanamh a chuimsíonn comhdhéanamh, ról, oibriú srl. an Fhóraim. Tá sé beartaithe go mbunófar an FSO ar an am céanna leis an Údarás Oideachais agus Scileanna.

Gaol leis an Roinn Oideachais agus cuntasacht don Aire

13. Tabharfaidh an Roinn Oideachais sainmhíniú soiléir ar an dóigh ina n-oibreoidh an gaol leis an FCO. Áireoidh sé seo eolas faoi:

    - aidhmeanna agus prótacail comhroinnte; agus
    - socruithe d'fhonn a chinntiú go bhfaigheann an Roinn eolas chun cuidiú leis monatóireacht a dhéanamh ar obair an FCO.

Struchtúr/Ballraíocht

14. Mórcheist i gcinneadh ar struchtúr/ballraíocht an Fhóraim Comhairligh Oideachais is ea an gá le cothromaíocht a sholáthar idir taobh an chustaiméara agus taobh an soláthróra san oideachas. Ceisteanna eile is ea an gá le guthanna na ndaoine nach gcloistear trí aon mheicníocht fhoirmiúil reatha eile a "chloisteáil" agus an gá le comhairle a fhorbairt trí phlé agus comhaontú murab ionann agus ó ghrúpaí éagsúla ag cur dearcadh amháin ar aghaidh.

15. Tugann Iarscríbhinn A cur síos ar struchtúr/ballraíocht an FCO.

16. Mar achoimre, beidh an Fóram faoi cheannas Chathaoirligh agus Leas-Chathaoirligh (ceaptha ag an Aire Oideachais, i gcomhairle leis an Aire Fostaíochta agus Foghlama, faoi réir phrionsabail OCPA) agus fosta beidh 26 comhalta láir aige (ainmnithe ó thaobhanna na n-earnálacha, na gcleachtóirí agus na n-úsáideoirí den oideachas). Beidh breathnóir aige ón Roinn Oideachais freisin (tógtha ón gCigireacht).

Foireann/Rúnaíocht

17. Beidh rúnaíocht tacaíochta ag an bhFóram, ar iasacht ón Roinn Oideachais, chun cuidiú lena bhainistíocht, páipéir a sholáthar do chomhaltaí, costais a íoc, miontuairiscí a ghlacadh ag cruinnithe, cuireadh a thabhairt d'aíonna, a chinntiú go scaipfear páipéir ar Ranna srl. Cuirfidh an Roinn an tseirbhís seo ar fáil agus íocfaidh as. Mar atá ag comhlachtaí eile dá leithéid, beidh foireann lánaimseartha thart ar 3 ag an Rúnaíocht agus is dócha go mbeidh an ceannaire ag leibhéal Grád Aontaithe 7, le tacaíocht feidhmiúcháin agus riaracháin.

Cóiríocht

18. Níl sé beartaithe go mbeidh a chóiríocht bhuan féin ag an FCO.

19. Cuirfear cóiríocht ar fáil don FCO, agus aon cheann dá fhoghrúpaí, trí sheomraí comhdhála/cruinnithe a fháil ar cíos.

Buiséad don FCO

20. Táthar ag súil go n-oibreoidh an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach lá amháin in aghaidh na míosa ar a laghad ar ghníomhaíochtaí an Fhóraim agus go bhfaighidh siad liúntas bliantúil, ard go leor chun iarrthóirí a mhealladh le heolas agus taithí mhaith chun freagrachtaí suntasacha na ról a chur i gcrích ar chaighdeán ard. Gheobhaidh comhaltaí eile an Fhóraim costais taistil agus cothabhála agus costais réasúnta eile ach ní íocfar liúntas leo. Íocfar costais taistil agus cothabhála agus costais réasúnta eile le haíonna. Glanfar costas chun seomraí, treallamh agus acmhainní eile a fháil ar cíos agus chun sóláistí a sholáthar do chruinnithe freisin.

Taighde

21. Is dócha go mbeidh gá ag an bhFóram le breis eolais chun chuidiú leis ina mhachnamh agus chun cuidiú leis comhairle fhianaise-bhunaithe a sholáthar. Beidh maoiniú ar fáil ó bhuiséad taighde na Roinne. Cuirfear iarratais FCO ar mhaoiniú taighde tríd an Rúnaí Buan chuig an Rannán Polasaí cuí do bhreithniú, le cinntí deiridh ar dháileadh le glacadh ag Bord na Roinne Oideachais.

Stádas na comhairle a thugann an FCO

22. Cuirfear an chomhairle uilig a thairgíonn an Fóram faoi bhráid na nAirí agus ansin, trí na Rúnaithe Buan, déanfar a mheas ag an Rannán Polasaí cuí sa Roinn Oideachais nó DEL. Ní bheidh an chomhairle agus na moltaí a thugann an Fóram ina cheangal ar an Roinn Oideachais nó DEL os rud é nach bhfuil sa bhFóram ach foinse comhairle amháin. Mar sin féin, áireoidh aon aighneachtaí polasaí agus bileoga treoracha don Aire ar aon ábhar scrúdaithe ag an bhFóram cóip den chomhairle tugtha ag an bhFóram le cur síos ar an gcaoi ina raibh tionchar ag an gcomhairle sin ar an bpolasaí. Cuideoidh sé seo lena thaispeáint don

bhFóram go ndearna Airí machnamh go díreach ar a thuairimí sula ndéantar cinntí. Freisin thabharfaidh an Roinn Oideachais agus DEL aiseolas don bhFóram ar ghníomhaíocht atá á dhéanamh chun polasaithe ar a bhfuil comhairle tugtha ag an bhFóram a chur chun cinn/a chur i gcrích. Ní bheidh an Fóram in ann an Roinn Oideachais nó DEL a choinneáil cuntasach as úsáid a chomhairle ó tharla gur faoin gCoiste an Tionóil cuí a thiteann an ról chun polasaithe críochnúla a scrúdú.

Luachanna

23. Toisc go bhfuil sé d'aidhm ag an bhFóram "comhairle ardchaighdeáin" a sholáthar dos an Ranna, aontóidh sé agus glacfaidh sé le cnuasach de bhunluachanna croíláir lena n-oibreoidh comhaltaí. Áireoidh bunluachanna iad seo a leanas (is féidir leis na comhaltaí cur leo seo le linn a n-oiliúna ionduchtaithe):

    - Beidh stádas comhionann ag gach comhalta agus cearta comhionann go n-éistfear lena thuairim/tuairim; agus
    - Ba chóir go mbeadh suim chomhroinnte ag comhaltaí i dtorthaí oideachais níos fearr a bhaint amach do dhaoine óga i dTuaisceart Éireann.

Prionsabail Oibriúcháin

24. Áiríonn Iarscríbhinn B roinnt prionsabail faoina n-oibreoidh an Fóram.

Feidhmíocht a Thomhas

25. Ní mór don bhFóram a léiriú go bhfuil luach curtha aige le próiseas na cinnteoireachta. Chuige seo ní mór don bhFóram fianaise a thaispeáint go bhfuil meas ag an Roinn Oideachais agus DEL ar an gcomhairle seo

agus gur chuidigh sé leis an bpolasaí a tháinig as a mhúnlú. Ní mór do phríomh-pháirtithe a bheith in ann a fheiceáil go bhfuil feabhas ag teacht ar an bpróiseas cinnteoireachta. Mar sin, ní mór don Roinn Oideachais nó DEL a thaispeáint go soiléir, i ngach cás, cén úsáid atá bainte as an gcomhairle a thug an Fóram i bhforbairt an pholasaí.

Athbhreithniú

26. Cuirfear an Fóram faoi athbhreithniú neamhfhoirmiúil le linn na céad bliana oibre, agus ag ócáidí rialta ina dhiaidh sin, le haon réimsí a aithint ina mbeidh gá le hathruithe (m.sh. san grúpaí a bhfuil ionadaíocht acu).

Iarscríbhinn A

STRUCHTÚR/BALLRAÍOCHT AN FHÓRAIM COMHAIRLIGH OIDEACHAIS

Struchtúr Molta

1. Forbraíodh roinnt roghanna don bhFóram le breithniú. Forbraíodh an múnla a shonraítear i tábla 1 thíos go hatriallach trí riachtanais a phlé le hoifigigh shinsearacha sa Roinn Oideachais agus DEL, ag gabháil do dhá bhabhta comhchomhairle le Grúpa Pháirtithe Leasmhara RPA na Roinne Oideachais agus ag scrúdú Fóram agus Coistí eile. Beidh ionadaíocht ag na hearnálacha oideachais uilig ar an bhFóram, chomh maith le cleachtóirí agus custaiméirí.

Ballraíocht

2. Le cumarsáid éifeachtach a chinntiú, beidh uasmhéid de 26 comhalta croíláir ar an bhFóram (féach tábla 1 thíos do bhriseadh síos). Más indéanta é, d'fhéadfaí é seo a laghdú áit, mar shampla, is féidir le hiarrthóirí a léiriú go bhfuil siad in ann tuairimí éagsúla a chur i láthair go leordhóthaineach don bhFóram ina phlé. Beidh sé de lánrogha ag an Roinn a chinneadh cé acu an iad na grúpaí agus/nó na daoine aonair seo is oiriúnaí agus cé acu a féidir grúpaí nua a chur leis nó grúpaí atá ann a bhaint.

Tábla 1

Earnáil	**Líon**	**Cleachtóir**	**Líon**	**Custaiméir**	**Líon**
Comhtháite	1			Tuismitheoirí	2
Gaeloideachas	1	Príomh-mhúinteoir	1	Leanaí agus daoine óga	2
Aistreoirí/scoileanna in úinéireacht phoiblí[1]	1	Léachtóir	1	Eagraíochta Tráchtála	2
Iontaobhaithe	1	Foireann neamh-mhúinteoireachta	1	Dearcadh idirnáisiúnta	2
Gramadach Deonach	1	Múinteoir – Bunscoil (lena n-áirítear naíonra)	1	Ionadaí na Roinne Oideachais	1.
Breisoideachas agus Ardoideachas	1	Múinteoir – Iarbhunscoil	1	Ionadaí DEL	1
Oiliúint	1	Múinteoir – Oideachas Speisialta	1	Deonach – pobal	1
		Ceardchumainn	1	Deonach – óige	1
Iomláin	**7**		**7**		**12**

3. Chomh maith leis na 26 comhalta croíláir beidh Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach nár chóir aon leas a bheith acu in aon eagraíocht oideachais i dTuaisceart Éireann. Forbrófar cumais oiriúnacha don dá ról agus déanfar feidhmíocht na ról a mheas ag an Roinn Oideachais in aghaidh na bliana.

4. Forbrófar tuairiscí róil cineálacha do chomhaltaí uilig an Fhóraim.

[1] Tugtar scoileanna rialaithe orthu seo faoi láthair.

5. Déanfaidh an tAire Oideachais gach ceapachán don FCO, i gcomhairle leis an Aire Fostaíochta agus Foghlama.

6. Déanfar an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach a earcú ag baint úsáide as prionsabail OCPA.

7. Freastalóidh an Roinn Oideachais agus DEL araon ar an bhFóram chun cur leis agus éisteacht le comhaltaí ag díospóireacht ar cheisteanna ar a bhfuil comhairle lorgtha.

8. Ar leithligh, cuirfidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna ról breathnóra ar fáil. Cuimseoidh sé seo breathnú agus tacú le hobair an Fhóraim, agus aon cheann dá fhoghrúpaí, trí chur leis go macánta agus go hoscailte. Tabharfaidh sé/sí comhairle agus saineolas neamhspleách gairmiúil, bunaithe ar an gcéad dul síos ar eolas agus taithí ar an láthair ar scoileanna agus forais eile oideachais agus oiliúna agus bunaithe freisin ar phlé le comhghleacaithe sa Chigireacht agus brainsí cuí sa Roinn Oideachais.

Comhaltaí earnála/cleachtóra/custaiméara a ainmniú

9. Ainmneofar comhaltaí atá mar ionadaithe ó earnálacha/cleachtóirí/custaiméirí ó laistigh de na grúpaí a bhfuil siad mar ionadaithe acu. Mar sin féin, ní fhreastalóidh siad ar chruinnithe mar thoscairí ar a ngrúpa ar leith. Ina áit sin, tabharfaidh siad le fios an dóigh ina mbeidh tionchar ag polasaithe atá á bplé ar a ngrúpa ar leith.

   Chuirfeadh an Roinn fáilte ar leith roimh thuairimí ar an dóigh le leanaí agus daoine óga a aithint chun páirt a ghlacadh, conas iad a chur faoi oiliúint agus tacú leo, agus conas ar chóir dóibh páirt a ghlacadh.

Cumais

10. Forbrófar cumais dos na poist uilig ar an bhFóram. Is iad seo na cumais croíláir a bheidh ann dos na comhaltaí uilig:

- Scileanna tionchair agus líonruithe
- Eolas agus taithí chuí
- Cumas plé le héiginnteacht
- Cumais físithe
- Cur le luachanna an Fhóraim
- Cumas gaol éifeachtacha a bhunú le daoine eile
- Dearcadh seachtrach
- Éirim mhothúchánach agus athléimneacht

Téarma Ceapacháin

11. Sínfidh téarma ceapacháin do chomhaltaí ó 2 go 4 bliain. Cuideoidh sé seo lena chinntiú go mbeidh athrúchán rialta ann agus é d'aidhm nach mbeidh níos mó ná 50% de na comhaltaí ag athrú ag aon am amháin. Iarrfar ar chomhaltaí ionchasacha an téarma oifige is rogha leo a rá.

12. Beifear ag tnúth go ndeimhneoidh comhaltaí ionchasacha go bhfuil lán-tacaíocht a bhfostóra acu páirt a ghlacadh sa bhFóram.

13. Beifear in ann comhaltaí a ainmniú don dara téarma ar an gcoinníoll, i gcás na ndaoine sin atá mar ionadaithe ar ghrúpaí, go bhfuil tacaíocht an ghrúpa acu go fóill.

Oiliúint Ionduchtaithe

14. Ar cheapachán, gheobhaidh comhaltaí oiliúint ar aidhm an Fhóraim, a róil agus a ndualgais, luachanna croíláir agus prionsabail oibriúcháin an Fhóraim. Beidh ar chomhaltaí deimhniú tiomantais d'aidhmeanna an Fhóraim a shíniú.

Comhairle Speisialtóra

15. Ó am go ham, beidh rochtain ag an bhFóram orthu siúd le taithí shaineolach a bheidh in ann comhairle a chur air ar cheisteanna suime m.sh. cosc ar dhrugaí, ceisteanna sláinte agus sábháilteachta srl. Is féidir le haon pháirtithe le suim dul i dteagmháil leis an bhFóram tríd an gCathaoirleach.

Suíomh an Údaráis Oideachais agus Scileanna (ESA)

16. Ní bheidh ballraíocht ag an ESA ar an bhFóram agus ní bheidh sé páirteach i bhforbairt phlean oibre bhliantúil an Fhóraim. Táthar ag súil, de réir mar bhíonn polasaithe á bhforbairt, go ndéanfaidh an Roinn Oideachais an ESA páirteach i gceisteanna forfheidhmithe praiticiúla a aithint agus a mheas a chaithfear a chur san áireamh sula gcuirtear dréachtcháipéisí chuig an bhFóram do bhreithniú.

Iarscríbhinn B

PRIONSABAIL OIBRIÚCHÁIN DON BHFÓRAM COMHAIRLEACH OIDEACHAIS

- Forbróidh an Cathaoirleach plean oibre bliantúil don bhFóram, i gcomhairle le Rúnaithe Buana na Roinne Oideachais agus DEL.
- Táirgeoidh an Cathaoirleach tuarascáil bhliantúil ar nithe a pléadh agus ar chomhairle a tugadh don Roinn Oideachais agus DEL.
- Beidh gach teagmháil fhoirmiúil idir na Ranna agus an Fóram tríd an gCathaoirleach.
- Tig leis an gCathaoirleach comhairle a chur go díreach ar na hAirí agus beidh gach comhairle dá leithéid á thacú ag cáipéisíocht scríofa.
- Buailfidh an Fóram leis na hAirí ar laghad uair sa bhliain.
- Buailfidh an Fóram lena chéile 5-6 uair sa bhliain chun dul chun cinn ar an bplean oibre a phlé, cur le plé ar pháipéir a thugann na Ranna agus/nó foghrúpaí (más ann dóibh seo).
- Ba chóir tromlach an ghnó a dhéanamh ag comhaltaí an Fhóraim ar an lá a gcruinníonn siad lena chéile. É sin ráite, b'fhéidir go mbeidh gá le struchtúr ina bhfuil an dara sraith nó foghrúpa chun plé níos mionsonraithe a cheadú.
- Déanfaidh an Fóram cinntí fhoghrúpa a dhaingniú.
- Aontófar an clár oibre do gach cruinniú idir an Cathaoirleach agus Rúnaí Buan na Roinne Oideachais i gcomhairle le Rúnaí Buan DEL. Réiteoidh na hAirí aon easaontas ar an gclár oibre ag cur san áireamh acmhainní atá ar fáil agus tosaíochtaí.
- Is féidir le comhaltaí an Fhóraim dul i bhfeidhm ar próiseas shocrú an chláir oibre trí mhíreanna le plé a chur isteach tríd an gCathaoirleach.
- Ní mór don bhFóram teacht ar chomhaontú, agus an díospóireacht riachtanach déanta ar na nithe idir lámha. Ní bheidh aon vóta ann.
- Labhróidh na comhaltaí uilig go saor ar na nithe ar fad idir lámha – beidh Riail Chatham House i bhfeidhm .i. tá saoirse ag na rannpháirtithe sa chruinniú an t-eolas a fuarthas a úsáid, ach ní féidir aitheantas nó

cleamhnacht de chuid an chainteora/na gcainteoirí, nó de chuid aon duine de na rannpháirtithe eile, a nochtadh.

- Coinneofar miontuairiscí ar chruinnithe uilig an Fhóraim agus léireoidh siad réimse iomlán na dtuairimí a ardaíodh agus, sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú, déanfaidh iatán leis na miontuairiscí taifeadadh ar réimse iomlán na dtuairimí a nochtadh.
- Ar mhaithe le follasacht, aontóidh an Cathaoirleach le comhaltaí nádúr na comhairle le tabhairt don Roinn Oideachais nó DEL.
- Ó tharla go bhfuil iontaoibh agus leanúnachas na díospóireachta tábhachtach, ní féidir le comhaltaí an Fhóraim daoine a chur ina n-ionad ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus le haontú an Chathaoirligh.
- Cuirfear ceist faoi bhallraíocht leanúnach más rud é nach bhfuil neamhláithreacht curtha in iúl agus aontaithe roimh ré. I gcás tinnis fadtéarma, is féidir ionadaí a ainmniú – ní mór don ionadaí sin na riachtanais cumais uilig a shásamh.